

Cuidiú agus comhairle do dhaoine a ndearnadh comhéigean gnéis orthu

Má rinneadh comhéigean gnéis ort, níl tú i d'aonair.

Coinnigh guaim ort féin, ná freagair d'éilimh agus ná déan tuilleadh cumarsáide leo.

Labhair faoi rún le cara nó le ball teaghlaigh a bhfuil muinín agat astu más féidir leat, déan teagmháil leis na péas láithreach ar **101** agus cuir na péas ar an eolas faoin suíomh idirlín ábhartha. Pléifidh muid le do chás i ndáiríre agus déileálfar leis go hiomlán faoi rún.

Tá tuilleadh eolais ar chomhéigean gnéis agus ar an tacaíocht atá ar fáil ag:

psni.police.uk/sextortion

Bí eolach faoi na rioscaí a bhaineann le físeáin dhlúthphearsanta a roinnt ar líne!

Tabhair tuairisc ar líne. Cuir scairt ghutháin ar 101.

I gcás éigeandála cuir scairt ghutháin ar 999.



Police Service
of Northern Ireland

Comhéigean Gnéis

“Go díreach, i gceann soicindí, bhain siad úsáid as m’íomhá le dúmhál a dhéanamh orm.”



psni.police.uk

**we care
we listen
we act**

Comhéigean Gnéis

Cad é an rud é comhéigean gnéis?

Is coireacht chibearchumasaithe é comhéigean gnéis ina mealltar íospartaigh íomhánna dlúthphearsanta a roinnt nó gníomhaíocht ghnéis a dhéanamh os comhair ceamara gréasáin. I ngan fhios do na híospartaigh, taifeadann coirpigh a ngníomhaíochtaí, ansin úsáideann siad an píosa físeáin sin mar iarracht le dúmhál a dhéanamh ar dhaoine aonair.

Díríonn ciontóirí ar a n-íospartaigh trí aipeanna geandála, na meán sóisialta nó ceamaraí gréasáin ag úsáid ainm bréige de ghnáth.



Is féidir le duine ar bith bheith ina n-íospartach ach tá bearta ann is féidir leat a dhéanamh chun cosc a chur ar an sórt coireachta seo ag tarlú duit.

Comhairle Coisc

- Ná roinn físeáin dhlúthphearsanta ar líne.
- Ná lig do dhuine bheith do do mhealladh gníomhaíochtaí a dhéanamh a d'fhéadfadh bheith do do náiriú amhail éadaí a bhaint díot nó gníomhaíochtaí dlúthphearsanta a dhéanamh ar líne.
- Cuimhnigh i gcónaí go bhféadfadh rud ar bith a théann ar líne fanacht ar líne.
- Bí an-airdeallach ar na daoine a dtugann tú cuireadh dóibh nó óna nglacann tú le cuireadh ar shuíomhanna na meán sóisialta. Ná glac le hiarratais chairdis ó dhústrainséirí.

- Déan uasdátú ar na socruithe príobháideachais ar do chuntais líonrú sóisialta sa dóigh is nach féidir ach le daoine a bhfuil aithne agat orthu amharc ar do chuntas.
- Ná cuir eolas íogair, príobháideach nó rúnda ar bith ar do phróifílí.

